

Bileog eolais i dtaobh athruithe ar an mbuiséad oideachais

Réamhrá le Ruairi Quinn TD Aire Oideachais agus Scileanna

Sna sé bliana atá amach romhainn, rachaidh 70,000 dalta nua isteach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na tíre. Tarlóidh an borradh seo ag an am is dúshlánaí riamh don earnáil oideachais, agus cuirfidh sé dúshlán fúinn ar fad úsáid níos fearr a bhaint as na hacmhainní tearca atá ar fáil.

D'ainneoin an ghanntanas airgid, beidh tús áite á thabhairt ag an Rialtas do chosaint an oideachais. Déanfar 2.2% de laghdú ar chaiteachas iomlán an Rialtais, ach ní dhéanfar ach 1.7% de laghdú ar an mbuiséad oideachais.

Agus an buiséad sin á leithdháileadh agam, rinne mé mo dhícheall cosaint a thabhairt do na daoine sin is mó a bhfuil gá acu léi. Ní laghdófar líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA) ná líon na Múinteoirí Acmhainne sa bhuiséad seo. Ina theannta sin, déanfar a laghad athruithe is féidir ar leithdháiltí múinteoirí sna bunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna faoi mhíbhuntáiste.

Is den tábhacht é go leanfaimis den chlár oibre um athchóiriú. Tá an cistiú againn chun an straitéis náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta a chur i gcrích, chun an Teastas Sóisearach a leasú ó bhonn, agus chun seirbhís leathanbanda a sholáthar i ngach iar-bhunscoil, rudaí a chabhróidh linn feabhas a chur ar chaighdeán an chórais oideachais in Éirinn.

An Leithdháileadh Iomlán

	2011 - €m	2012 - €m	2013 - €m	2014 - €m
An leithdháileadh iomlán d'ollchaiteachas reatha vótáilte*	8,387	8,242	8,163	8,091
Glanchoigilteas, tar éis bearta nua caiteachais agus brúnna ón mbun aníos a chur san áireamh		76	157	241
Airgead eile a chaithfear a spáráil			68	138
% de laghdú i gcomparáid leis an mbliain 2011		1.7%	2.7%	3.5%

* Leithdháilfear €362 million gach bliain faoin gCiste Náisiúnta Oiliúna.

Leithdháileadh Múinteoirí

Ní dhéanfar athrú ar bith ar an gcóimheas daltaí le múinteoir i mbunscoileanna don scoilbhliain 2012/13. Fanfaidh líon iomlán na Múinteoirí Acmhainne agus na gCúntóirí Riachtanas Speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu faoi mar atá sna bunscoileanna agus sna hiarbhunscoileanna.

Sna bunscoileanna, ag tosú sa bhliain 2012, déanfar athruithe de réir a chéile ar na sceidil foirne do scoileanna ina bhfuil múinteoir amháin, beirt mhúinteoirí, tríúr múinteoirí agus ceathrar múinteoirí (scoileanna a bhfuil líon daltaí faoi bhun 86 iontu). Ciallóidh na hathruithe sin go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaltaí a theastóidh do phost teagaisc, agus beidh éifeacht aige sin ar 100 post nó mar sin an bhliain seo chugainn. **De réir a chéile a chuirfear an beart seo i bhfeidhm. Iarrfar ar scoileanna beaga machnamh a dhéanamh ar a roghanna maidir le cónascadh.**

Ar an dara leibhéal, déanfaidh scoileanna a soláthar **gairmthreorach** a bhainistiú ó laistigh dá leithdháileadh caighdeánach múinteoirí. Ach na hathruithe sin a bheith déanta, beidh ar ár gcumas leithdháileadh na múinteoirí a choimeád ag 19:1 i gcoitinne sna scoileanna agus beidh sé de lánrogha ag scoileanna acmhainní le haghaidh seirbhís ghairmthreorach a chur sa mheá leis na héilimh a bhaineann le rogha ábhar a chur ar fáil.

Déanfar méadú aon phointe i sceideal na múinteoirí sna scoileanna ar fad a ghearrann táillí.

Sa bhliain 2012 déanfaidh an Roinn **anailís ar mhaoiniú earnáil na scoileanna a ghearrann táillí**, anailís a bheidh mar bhonn le cinntí beartais sna blianta atá amach romhainn. Éascóimid cainteanna le haon scoil a ghearrann táillí atá ag smaoineamh ar aistriú go dtí earnáil na scoileanna nach ngearrann táillí.

Aistarraingeofar, de réir a chéile, 428 post a leithdháileadh ar scoileanna faoi chlár 'oidhreacht' sular cuireadh tionscnamh DEIS i bhfeidhm sa bhliain 2005, ar mhaithe le cothromaíocht a bhaint amach i ndáileadh na n-acmhainní atá ar fáil faoi scéim DEIS.

Ach poist bhreise múinteora chun críocha déimeagrafacha ar leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile a bheith curtha ar áireamh, méadóidh líon na bpost múinteora sna bunscoileanna de 250, meastar, agus laghdóidh an líon ar an dara leibhéal de 450 **don scoilbhliain 2012/13.**

Maoiniú na Scoileanna

- Déanfar 2% de laghdú san iomlán ar an gcistiú caipitíochta agus ar dheontais ghaolmhara do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna sna blianta 2012 agus 2013 araon agus 1% de laghdú eile sna blianta 2014 agus 2015 araon.
- Déanfar an laghdú ar an mbuníocaíocht caipitíochta ionas go mbeidh an cistiú bunúsach caipitíochta ar leibhéal na bliana 2007 – tráth ab airde costais sa gheilleagar. Leanfaimid de bheith ag cabhrú le scoileanna chun samhlacha comhroinnte soláthar a cheapadh chun airgead a spáráil orthu.
- Ní dhéanfar athrú ar bith ar dheontais eile, dála na caipitíochta breise a íoctar le scoileanna DEIS agus deontas leabhair.
- Fógrófar athruithe go luath sa bhliain 2012 ar oibriú an deontais leabhar scoile faoi mar atá sé chun scoileanna a spreagadh chun scéim leabhair ar cíos a bhunú. Cuid dár n-obair leanúnach **chun costais scoile a laghdú do thuismitheoirí** a bheidh ansin.

Liúntais Múinteoirí

Ar feitheamh ar athbhreithniú ar liúntais ar fud na seirbhíse poiblí a bheith críochnaithe agus i ngeall ar an mbrú ón mbun aníos ar chostas liúntas múinteoirí, is é cinneadh an Rialtais athruithe a dhéanamh, le héifeacht láithreach, ar na rialacha a rialaíonn íoc liúntas cáilíochta le múinteoirí.

Coimeádfaidh múinteoirí na liúntais atá acu ach ní bhronnfar aon liúntas breise as cáilíochtaí eile. Beidh múinteoirí nua i dteideal liúntas a fháil suas go leibhéal chéim onóracha amháin.

Deontais Ardoideachais agus Deontais Mac Léinn

Leagadh síos spriocráta rannpháirtíochta 72% san ardoideachas faoin mbliain 2020 i Straitéis Náisiúnta Scileanna 2007. Seasann an ráta ag 65% i láthair na huaire mar sin táimid go maith chun tosaigh maidir leis an sprioc sin.

I bhfianaise na mbrúnna déimeagrafacha agus buiséadta tríd is tríd, beidh gá le roinnt beart coigiltis a chur i bhfeidhm sna blianta atá amach romhainn.

Cistiú don tríú leibhéal	Ranníocaíochtaí Mac Léinn	Deontais Mac Léinn
<p>Déanfar 2% de laghdú ar chistiú pá agus neamhphá d'institiúidí tríú leibhéal sa bhliain 2012, 2% eile de laghdú sa bhliain 2013, agus 1% de laghdú sna blianta 2014 agus 2015.</p> <p>Admhaímid go gcuirfidh sé sin dúshlán faoin earnáil tríú leibhéal sna blianta amach romhainn.</p> <p>Spárálfaidh na bearta sin €24 milliún sa bhliain 2012 agus €69 milliún i mbliain iomlán.</p>	<p>Déanfar méadú €250 ar an Ranníocaíocht Mac Léinn an bhliain seo chugainn, go €2,250.</p> <p>Bhí díolúine ó Ranníocaíocht Mac Léinn ag 41% nó mar sin de mhic léinn sa bhliain 2011. Meastar go mbeidh céatadán comhchosúil de mhic léinn díolmhaithe sa bhliain 2012.</p> <p>Beidh ranníocaíocht €2,250 na bliana seo chugainn i bhfad níos lú ná an táille €3,465 atá iníoctha i dTuaisceart Éireann, agus an táille €9,000 ar a mhéad i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.</p>	<p>Déanfar 3% de laghdú ar dheontais mac léinn ón 1 Eanáir 2012.</p> <p>Ní íocfar íocaíochtaí cothabhála le mic léinn iarchéime atá ag clárú den chéad uair, ach íocfar táillí ar son 2,000 mac léinn ar na leibhéil ioncaim is ísle agus gheobhaidh 4,000 mac léinn eile ranníocaíocht €2,000 i leith a gcuid táillí.</p> <p>Tabharfar isteach Tástáil Sócmhainní Caipitiúla sa bhliain 2013 ionas gur féidir sócmhainní caipitiúla áirithe mar aon le hioncam a mheasúnú mar chuid d'iarratais ar dheontas.</p>

Breisoideachas agus Oiliúint

- Déanfar 2% de laghdú sna blianta 2012 agus 2013 agus 1% de laghdú breise sna blianta 2014 agus 2015 ar dheontais chaipitíochta a íoctar ar son rannpháirtithe ar chláir bhreisoideachais. Laghdú ar aon dul le laghduithe ar chistiú neamhphá do scoileanna agus d'institiúidí tríú leibhéal a bheidh ansin.
- Déanfar aon íocaíocht amháin den dá liúntas a íoctar faoi láthair le daoine sé bliana agus seacht mbliana déag d'aois atá ag gabháil do chúrsaí Foróige, do chúrsaí an Ionaí Oiliúna Pobail agus do chúrsaí FÁS; ráta caighdeánach €40 a íocfar feasta.

Iompar Scoile

Méadóidh an táille ar iompar bunscoile ó €50 go €100 agus méadófar an íocaíocht uasta teaghlaigh go €220 ó €110. Cúiteofar na méaduithe seo le laghdú ó €200 go €100 i dtáillí lamháltais bunscoile.

Ní dhéanfar aon athrú ar an íocaíocht uasta teaghlaigh €650, ná ar an táille dara leibhéal €350.

Cosaint do Scoileanna faoi Mhíbhuntáiste

Agus an cistiú atá ar fáil á leithdháileadh, tabharfar tús áite i gcónaí do na scoileanna sin ina bhfuil an líon is mó daltaí a aicmítear mar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil.

Ar leibhéal na bunscoile, bunófar sceideal nua foirne do scoileanna **Deis Banda 1** de **mhúinteoir amháin i gcás gach 22 dalta** ar an meán, **i gcomparáid le múinteoir amháin i gcás gach 28 dalta sna scoileanna príomhshrutha**. Glacfar an beart sin in áit an chur chuige atá ann faoi láthair faoina ndéantar an leithdháileadh caighdeánach a bharrlíonadh chun ranganna sóisearacha de 20:1 agus ranganna sinsearacha de 24:1 a sholáthar i scoileanna Deis Banda 1.

Ceapfar sceideal foirne is mó fabhar de **18:25:1 i scoileanna DEIS dara leibhéal** chun tacú leo ar shlí níos spriocaimsithe. Is ionann sin agus 0.75 pointe de laghdú i gcomparáid leis an gcóimheas daltaí le múinteoir de 19:1 atá i bhfeidhm i scoileanna dara leibhéal nach ngearrann táillí. Tá 195 scoil dara leibhéal ar áireamh in DEIS.

Bainfidh an laghdú ar an mbundeontas caipitíochta le gach scoil ach **íocfar deontas méadaithe DEIS le scoileanna DEIS i gcónaí**, deontas nár laghdaíodh.

In áit na gcúig cinn de scéimeanna scoláireachta ardoideachais tabharfar isteach scéim amháin de chineál sparánachta bunaithe ar thuillteanas agus €2,000 an mac léinn a bheidh ar fáil sna deontais sin. **Tacaíocht bhreise a bheidh sa sparánacht chun sárghnóthachtáil daltaí i scoileanna DEIS a spreagadh agus luach saothair a íoc leo**. Bronnfar an sparánacht ar bhreis is 370 dalta sna chéad cheithre bliana eile agus beidh na daltaí sin i dteideal cur isteach ar dheontas ardoideachais, leis.

Bearta Nua Caiteachais

Beidh €9.4 milliún ar fáil sa bhliain 2012 chun tús a chur le comhlíonadh **ghealltanais an Chláir Rialtais**. Ina measc siúd beidh:

- Gníomhaíochtaí sa **straitéis litearthachta agus uimhearthachta** a chur i ngníomh (€6m 2012)
- **Leasú na sraithe sóisearaí a mhaoiniú**, rud a chiallóidh leasú an Teastais Shóisearaigh ó bhonn, ag tosú i Meán Fómhair 2014 (€1m sa bhliain 2012)
- **Seirbhís leathanbhanda a bheith ar fáil i ngach scoil dara leibhéal** in Éirinn faoi dheireadh na bliana 2014 (€2.4m 2012)

Beidh €30 milliún ar fáil sa bhliain 2012 chun bearta spriocaimsithe maidir le **Gníomhachtú an Mhargaidh Shaothair** a mhaoiniú. Ina measc siúd beidh:

- €20 milliún don Chiste Náisiúnta Oiliúna le haghaidh Ciste nua um Gníomhachtú an Mhargaidh Shaothair. Beidh an ciste seo dírithe go sonrach ar dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach **agus soláthróidh sé breis is 6,500 áit sa bhliain 2012**.
- Beidh €10 milliún ar fáil faoin gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le **babhta eile de thionscnamh Springboard**, chun líon na ndeiseanna páirtaimseartha ardoideachais do dhaoine dífhostaithe a mhéadú.